

Foirm 11F CRO

Ráiteas Sonraí

Alt 882 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997



Ainm agus Seoladh (Eircode san áireamh)

Clárúchán Cuideachtaí
Tagairt Oifige

Tabhair an uimhir seo
agus tú ag freagairt don
ábhar seo

Léigh na nótaí
mínte faoi iamh
sula gcomhlánaíonn
tú an fhoirm seo

Seol ar ais chuig



Úsáid clúdach litreach ar bith
agus scríobh "SAORPHOST"
os cionn an Seoladh Fillte
NÍL STAMPA RIACHTANACH

D. Moore
Cigire Cánach
Aonad na gCuideachtaí
Bosca Oifig Phoist 1
Loch Garman
Co. Loch Garman

FÓGRA

Éilíonn an Cigire Cánach arna ainmniú thuas ort leis seo, faoi Alt 882 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, ráiteas sonraí a réiteach agus a sheachadadh isteach sna 30 lá amach romhainn, i ndáil le hainm na cuideachta thuas.

Cad atá le déanamh agat

Ní mór duit an fhoirm seo a chomhlánú agus a sheoladh isteach chuig an seoladh thuas. Ná dearmad an dearbhú a shíniú. Má cuireadh ráiteas sonraí isteach cheana féin, iontráil dáta an chomhfhreagrais thíos

(LL/MM/BBBB) / / sínígh an dearbhú agus seol an fhoirm seo isteach chuig an seoladh thuas.

Más mian leat an chuideachta a chlárú le haghaidh Cáin Chorporáide, ÍMAT/ÁSPC (mar fhostóir) agus/nó CBL, ba chóir do do ghníomhaire cánach é seo a dhéanamh ar do shon ag baint úsáide as áis RíomhChlárúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim.

Is féidir teacht ar RíomhChlárúchán trí Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS). De rogha air sin, ba chóir duit Foirm TR2 a chomhlánú agus í a chur ar ais chuig d'Oifig Chlárúcháin Áitiúil de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim (Sonraí seolta ar TR2).

Má tá tú cláraithe i gcomhair cánach cheana, nó má tugadh uimhir chláráithe chánach duit chun críocha ríomh-Stampála / CMÁ, cuir uimhir thagartha chánach na cuideachta sa bhosca seo.

NÍ MÓR DUIT AN DEARBHÚ SEO A SHÍNIÚ

DEARBHAÍM go bhfuil na sonraí go léir san fhoirm seo cruinn ar feadh m'eolais agus mo thuairime.

Síniú

Dáta
(LL/MM/BBBB) / /

Cáil an tSínitheora

Uimh. Theileafóin

Sonraí Teagmhála (sa chás go mbeidh ceist maidir leis an tuairisceán sin)

TAIN an Ghníomhaire Ainm Teagmhála

Tag. an Chliaint Uimhir theileafóin nó seoladh ríomhphoist

Cuid A – Le comhlánú ag gach cuideachta

Ainm na Cuideachta

Seoladh na hOifige Cláráithe (Eircode san áireamh)

Seoladh Gnó (má tá sé éagsúil) (Eircode san áireamh)

Ainmneacha & Seoltaí (Eircode san áireamh) Rúnaí na Cuideachta

Dáta tosaithe (ní dáta ionchorpraithe) na ceirde, na gairme nó an ghnó.

Murar thosaigh tú go fóill, luaigh an dáta a bhfuiltear ag súil le tosú. (LL/MM/BBBB)

 / /

Cineál na ceirde, na gairme nó an ghnó

Dáta Cuideachta na Cuideachta (LL/MM/BBBB)

 / /

An bhfuil an chuideachta in aon chomhaontú nó socrú, de bhua sin go ndéanfaidh cuideachta nach bhfuil cónaitheach sa Stát, gnó ar fad na cuideachta nó cuid shuntasach de ghnó na cuideachta?

Tá Níl

Má tá, tabhair na sonraí a leanas i ndáil leis an gcomhaontú nó socrú

Ainm agus Oifig Chláraithe na Cuideachta Eile (Eircode san áireamh)	Seoladh Gnó (má tá sé éagsúil) (Eircode san áireamh)	Dáta agus Cineál an Chomhaontaithe nó an tSocráithe
<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>

Cuid B – Le comhlánú ag cuideachtaí atá ionchorpraithe, ach nach bhfuil cónaitheach, sa Stát

Ainm na tíre ina bhfuil an chuideachta cónaitheach chun críche cánach

I gcás go rialaíonn daoine taobh amuigh de Bhallstáit an AE nó i dtíortha sa chonradh cánach an chuideachta agus go bhfuil an chuideachta nó cuideachta gaolmhar ag trádáil sa Stát, luaigh ainm agus seoladh na cuideachta atá ag trádáil sa Stát

I gcás nach bhfuil an chuideachta lonnaithe in Éirinn, de thairbhe Comhaontú um Chánachas Dúbailte, tabhair na sonraí a leanas:

- i gcás go rialaíonn cuideachta luaite an chuideachta, ainm agus seoladh oifig chláráithe na cuideachta luaite

- in aon chás eile, ainmneacha agus seoltaí na ndaoine aonair ar úinéirí tairbhiúla na cuideachta iad

Cuideachta Gaolmhar

Bíonn cuideachta gaolmhar le cuideachta eile má tá ceann acu ina fochuideachta 50% den chuideachta eile nó má tá an dá chuideachta ina bhfochuideachtaí 50% de thríú cuideachta.

Pionóis

Tá pionóis i gceist má theiptear le Ráiteas Sonraí a sheachadadh mar is gá a sheachadadh faoi Alt 882 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

Nóta

Cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim, gan aon fhógra eile chugat, Cláráitheoir na gCuideachtaí ar an eolas má theipeann ort Ráiteas Sonraí a sheachadadh mar is gá faoi Alt 882 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

Mura gcuirtear an ráiteas seo ar fáil láithreach don Chigire Cánach, féadfaidh an cláráitheoir, nuair a chuirtear sin in iúl dó, tús a chur leis an bpróiseas faoi Alt 726 d'Acht na gCuideachtaí 2014. D'fhéadfaí ainm na Cuideachta a scríosadh den chlár ar deireadh dá bharr.

NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN

Is gá do gach cuideachta atá ionchorpraithe sa Stát, nó a thosaíonn trádáil, ceird nó gnó sa Stát faisnéis áirithe a sheachadadh do na Coimisinéirí Ioncaim. Leagtar amach i bhFoirm 11F CRO – Ráiteas Sonraí -an fhaisnéis a theastaíonn – agus tá an reachtaíocht ábhartha in Alt 882 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

Cad atá le déanamh agat anois

- Comhlánaigh Foirm 11F CRO agus seol í chuig an Seoladh Fillte a thaispeántar uirthi laistigh den teorainn ama 30 lá. Tá feidhm aige seo, d'ainneoin ar cuireadh sonraí na cuideachta ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim cheana nó nár cuireadh nó má tá sé i gceist na sonraí sin a cur ar fáil amach anseo
- Coinnigh na Nótaí Míniúcháin seo le húsáid amach anseo

Cad atá le déanamh agat amach anseo

- Má bhí athrú ábhartha san fhaisnéis a cuireadh ar fáil cheana, ní mór duit é sin a chur in iúl don Chigire Cánach ag an Seoladh Fillte thíos, laistigh de 30 lá ón athrú sin
- Murar thosaigh an chuideachta trádáil, ceird nó gnó go fóill ach má dhéanann sí sin amach anseo, ní mór duit an fhaisnéis seo a leanas a chur in iúl don Chigire Cánach laistigh de 30 lá ón tosú sin ag an Seoladh Fillte thíos:

Ainm na Cuideachta

Tagairt na hOifige um Chlárú Cuideachtaí

Seoladh na hOifige Cláraithe (Eircode san áireamh)

Seoladh Gnó (má tá sé éagsúil) (Eircode san áireamh)

Ainm & Seoladh (Eircode san áireamh) Rúnaí na Cuideachta

Dáta tosaithe trádála, ceirde nó gnó

Cineál na ceirde, na gairme nó an ghnó

Dáta Cuideachta na Cuideachta

Pionóis

Tá pionóis i gceist má theiptear chun an fhaisnéis riachtanach a sheachadadh mar is gá a sheachadadh faoi Alt 882 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

Fógra le Cláraitheoir na gCuideachtaí

Mura soláthraítear an fhaisnéis riachtanach mar is gá faoi Alt 882 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, cuirfear sin in iúl do Chláraitheoir na gCuideachtaí.

Mura gcuirtear na sonraí ar fáil láithreach don Chigire Cánach, féadfaidh an cláraitheoir tús a chur leis an bpróiseas um baint den liosta faoi Alt 726 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Seoladh Fillte

D. Moore
Cigire Cánach
Aonad na gCuideachtaí
Bosca Oifig Phoist 1
Loch Garman
Co. Loch Garman

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugtar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.

Láimhseálfadh na Coimisinéirí Ioncaim an bhfaisnéis a chuireann tú ar fáil i dtaca leis an iarratas seo faoi rún. D'fhéadfadh na Coimisinéirí Ioncaim áfach, má cheadaítear é nó má iarrtar orthu é de bharr reachtaíochta, an fhaisnéis seo a nochtadh do Chomhlachtaí Poiblí eile. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ag www.revenue.ie